2024/2606

4.10.2024

CINNEADH (AE) 2024/2606 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Fómhair 2024

lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhpháirtíochta arna bunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le modhnuithe ar Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ('an Comhaontú Trádála agus Comhair'), i gcrích agus formheasadh é trí bhíthin Chinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle ([1]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021.

(2) Le Caibidil 2 de Theideal I de Cheannteideal a hAon de Chuid a Dó den Chomhaontú Trádála agus Comhair, agus le hIarscríbhinní 2 go 9 a ghabhann leis an gComhaontú, leagtar síos forálacha maidir leis an sainmhíniú ar tháirgí tionscnaimh agus modhanna comhair riaracháin.

(3) De bhun Airteagal 7(4), pointe (c) agus Airteagal 68 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, féadfaidh an Chomhairle Comhpháirtíochta leasú a dhéanamh ar Chaibidil 2, 'Rialacha tionscnaimh', de Theideal I, 'Trádáil in Earraí', de Cheannteideal a hAon, 'Trádáil', de Chuid a Dó, 'Socruithe trádála, iompair, iascaigh agus eile', agus na hiarscríbhinní gaolmhara amhail Iarscríbhinn 3, lena mbunaítear na Rialacha Tionscnaimh Táirgeshonracha, i.e. an t-oibriú nó an phróiseáil faoi seach is gá a dhéanamh ar ábhair neamhthionscnaimh chun gur féidir stádas tionscnaimh a fháil don táirge monaraithe, ar Iarscríbhinn í atá bunaithe faoi láthair ar leagan 2017 den Chóras Comhchuibhithe ('CC').

(4) Tá an Chomhairle Comhpháirtíochta le Cinneadh a ghlacadh lena modhnófar Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair chun foclaíocht caibidlí, ceannteideal nó fo-cheannteideal áirithe a ailíniú agus chun na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha a oiriúnú le leagan CC 2022. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart Iarscríbhinn nua a chur in ionad na hIarscríbhinne ina hiomláine, agus líon na leasuithe is gá a dhéanamh san Iarscríbhinn á chur san áireamh.

(5) Le Cinneadh Uimh. 1/2023, ón gComhairle Comhpháirtíochta ([2]), déantar foráil nach bhfuil Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair le leasú i gcás táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, ach amháin nuair is nuashonruithe ar an CC is cúis leis an leasú. Ní fhoráiltear d'aon leasú ach oiread maidir leis na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair. Dá bhrí sin, tá an dréachtchinneadh ón gComhairle Comhpháirtíochta atá i gceangal leis an gCinneadh seo i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhairle Comhpháirtíochta in aon chás.

(6) Tá coinne leis go nglacfaidh an Chomhairle Comhpháirtíochta an Cinneadh sa tríú ráithe de 2024.

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhpháirtíochta a bhunú, ós rud é go mbeidh éifeacht dlí ag an gCinneadh ón gComhairle Comhpháirtíochta san Aontas,

([1]) Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L 149, 30.4.2021, lch. 2).

([2]) Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhairle Comhpháirtíochta arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile an 21 Nollaig 2023 i ndáil leis na rialacha idirthréimhseacha táirgeshonracha le haghaidh taisc-cheallraí leictreacha agus feithiclí leictrithe (IO L, 2023/2891, 28.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2891/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leagtar amach an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhpháirtíochta arna bunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, i ndréachtchinneadh na Comhairle Comhpháirtíochta atá i gceangal leis an gCinneadh seo,

Airteagal 2

Foilseofar an Cinneadh ón gComhairle Comhpháirtíochta dá dtagraítear in Airteagal 1 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

FELDMAN Z.

DRÉACHT

CINNEADH Uimh. …/… ÓN gCOMHAIRLE COMHPHÁIRTÍOCHTA ARNA BUNÚ LEIS AN gCOMHAONTÚ TRÁDÁLA AGUS COMHAIR IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN COMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH, DE PHÁIRT, AGUS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN, DEN PHÁIRT EILE

an …

lena modhnaítear Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (Rialacha Tionscnaimh Táirgeshonracha)

TÁ AN CHOMHAIRLE COMHPHÁIRTÍOCHTA,

Ag féachaint don Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus go háirithe Airteagal 7(4)(c) agus Airteagal 68 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagail 7 agus 68 den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ('an Comhaontú Trádála agus Comhair'), féadfaidh an Chomhairle Comhpháirtíochta leasú a dhéanamh ar Chaibidil 2, 'Rialacha tionscnaimh', de Theideal I, 'Trádáil in Earraí', de Cheannteideal a hAon, 'Trádáil', de Chuid a Dó, 'Socruithe Trádála, Iompair, Iascaigh agus Eile', agus ar na hiarscríbhinní a ghabhann leis, amhail Iarscríbhinn 3, a bhaineann leis na Rialacha Tionscnaimh Táirgeshonracha lena léirítear an t-oibriú nó an phróiseáil is gá a dhéanamh ar ábhair neamhthionscnaimh chun stádas tionscnaimh a fháil don táirge monaraithe.

(2) Sa leagan reatha d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair tá tuairisc ar chaibidlí, ceannteidil nó fo-cheannteidil an Chórais Chomhchuibhithe ('CC') agus rialacha tionscnaimh táirgeshonracha lena léirítear CC 2017.

(3) Tugadh isteach leasuithe an 1 Eanáir 2022 san Ainmníocht atá faoi réir an Choinbhinsiúin ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí. Dá bhrí sin, chomhaontaigh na Páirtithe sa Chomhaontú Trádála agus Comhair Iarscríbhinn 3 a thabhairt cothrom le dáta chun CC 2022 a léiriú.

(4) Modhnófar Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair chun athruithe ar fhoclaíocht chaibidlí, cheannteidil nó fho-cheannteidil CC 2022 a léiriú.

(5) I gcás na gcaibidlí sin den CC, ina n-áirítear anois táirgí ó chaibidlí nó ó cheannteidil eile mar gheall ar na hathruithe ar an gCC, bhí na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha faoi réir modhnú i bprionsabal chun na rialacha a choinneáil gan athrú le haghaidh na dtáirgí a aistríodh chuig na ceannteidil CC sin. I ndáiríre, ní raibh gá leis sin ach i roinnt cásanna (go háirithe maidir le ceannteidil 24.03, 24.04, 38.27, 84.79 agus 85.24).

(6) I gCinneadh Uimh. 1/2023 uaithi, rinne an Chomhairle Comhpháirtíochta foráil nach ndéanfar Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair a leasú i gcás táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, ach amháin nuair is nuashonruithe ar an gCC is cúis leis an leasú. Dá bhrí sin, tá an Cinneadh seo i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhairle Comhpháirtíochta.

(7) Ar mhaithe le hinléiteacht níos fearr, ba cheart ceannteidil na Roinne agus na Caibidle a bheith i gcló trom.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair a mhodhnú. Ní athruithe substainteacha ar na rialacha tionscnaimh caibidlithe iad na modhnuithe sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, cuirtear Iarscríbhinn 3 a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair ina bhfuil na Rialacha Tionscnaimh Táirgeshonracha.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm 60 lá tar éis dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …,

Thar ceann na Comhairle Comhpháirtíochta
Na Comhchathaoirligh

IARSCRÍBHINN 1

'IARSCRÍBHINN 3

RIALACHA TIONSCNAIMH TÁIRGESHONRACHA

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
ROINN I	AINMHITHE BEO; TÁIRGÍ AINMHITHE
Caibidil 1	Ainmhithe beo
01.01-01.06	Tá na hainmhithe uile atá faoi Chaibidil 1 faighte go hiomlán
Caibidil 2	Feoil agus scairteach feola inite
02.01-02.10	Táirgeadh ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidlí 1 agus 2, agus arna n-úsáid lena linn, faighte go hiomlán
Caibidil 3	Éisc agus crustaigh, moilisc agus inveirteabraigh uisceacha eile
03.01-03.09	Táirgeadh ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 3, agus arna n-úsáid lena linn, faighte go hiomlán
Caibidil 4	Táirgí déiríochta; uibheacha éan; mil nádúrtha; táirgí inite de thionscnamh ainmhíoch, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile
04.01-04.10	Táirgeadh: — ina bhfuil na hábhair uile faoi atá faoi Chaibidil 4, agus arna n-úsáid lena linn, faighte go hiomlán, agus — nach mó meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02 ná 20 % de mheáchan an táirge
Caibidil 5	Táirgí de thionscnamh ainmhíoch, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile
05.01-05.11	Táirgeadh as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal
ROINN II	TÁIRGÍ PLANDÚLA
Caibidil 6	Crainn bheo agus plandaí eile; bleibíní, fréamhacha agus a leithéidí; bláthanna gearrtha agus duilliúr ornáideach
06.01-06.04	Táirgeadh ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 6, agus arna n-úsáid lena linn, faighte go hiomlán
Caibidil 7	Glasraí agus fréamhacha agus tiúbair áirithe atá inite

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
07.01-07.14	Táirgeadh ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 7, agus arna n-úsáid lena linn, faighte go hiomlán
Caibidil 8	Torthaí agus cnónna inite; craiceann torthaí citris nó mealbhacán
08.01-08.14	Táirgeadh: — ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 8, agus arna n-úsáid lena linn, faighte go hiomlán, agus — nach mó meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02 ná 20 % de mheáchan an táirge
Caibidil 9	Caife, tae, maité agus spíosraí
09.01-09.10	Táirgeadh as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal
Caibidil 10	Gránaigh
10.01-10.08	Táirgeadh ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 10, agus arna n-úsáid lena linn, faighte go hiomlán
Caibidil 11	Táirgí an tionscail mhuilleoireachta; braich; stáirsí; ionúilin; glútan cruithneachta
11.01-11.09	Táirgeadh ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidlí 10 agus 11, faoi cheannteidil 07.01, 07.14, 23.02 go 23.03 nó faoi fho-cheannteideal 0710.10, agus arna n-úsáid lena linn, faighte go hiomlán
Caibidil 12	Olashíolta agus torthaí olúla; cineálacha gráin, síolta agus torthaí ilghnéitheacha; plandaí tionsclaíocha nó íocshláinte; cochán agus farae
12.01-12.14	CTH
Caibidil 13	Leaic; gumaí, roisíní agus súnna plandúla agus úisc phlandúla eile
13.01-13.02	Táirgeadh as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal, ar choinníoll nach mó meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02 ná 20 % de mheáchan an táirge ann
Caibidil 14	Ábhair fíocháin phlandúla; táirgí ó phlandaí nach bhfuil sonraithe ná san áireamh in áit eile
14.01-14.04	Táirgeadh as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal
ROINN III	SAILLTE AGUS OLAÍ AINMHÍOCHA, PLANDÚLA NÓ MIOCRÓBACHA AGUS A DTÁIRGÍ SCOILTE; SAILLTE INITE ULLMHAITHE; CÉARACHA AINMHÍOCHA NÓ PLANDÚLA
Caibidil 15	Saillte agus olaí ainmhíocha, plandúla nó miocróbacha agus a dtáirgí scoilte; saillte inite ullmhaithe; céaracha ainmhíocha nó plandúla

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
15.01-15.04	CTH
15.05-15.06	Táirgeadh as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal
15.07-15.08	CTSH
15.09-15.10	Táirgeadh ina bhfuil na hábhair phlandúla uile arna n-úsáid lena linn faighte go hiomlán
15.11-15.15	CTSH
15.16-15.17	CTH
15.18-15.19	CTSH
15.20	Táirgeadh as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal
15.21-15.22	CTSH
ROINN IV	EARRAÍ BIA ULLMHAITHE; DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR; TOBAC AGUS IONADAIGH TOBAC MHONARAITHE; TÁIRGÍ, BÍODH NICITÍN IONTU NÓ NÁ BÍODH, ATÁ BEARTAITHE LENA NIONANÁLÚ GAN DÓCHÁN; TÁIRGÍ EILE A BHFUIL NICITÍN IONTU ATÁ BEARTAITHE LE NICITÍN A IONTÓGÁIL I GCORP AN DUINE
Caibidil 16	Ullmhóidí ó fheoil, ó éisc, ó chrústaigh, ó mhoilisc nó ó inveirteabraigh uisce eile, nó ó fheithidí
1601.00-1604.18	Táirgeadh ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidlí 1, 2, 3 agus 16, agus arna n-úsáid lena linn, faighte go hiomlán ([1])
1604.19	CC
1604.20	
– Ullmhóidí ó surimi:	CC
– Eile:	Táirgeadh ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidlí 3 agus 16, agus arna n-úsáid lena linn, faighte go hiomlán ([2])
1604.31-1605.69	Táirgeadh ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidlí 3 agus 16, agus arna n-úsáid lena linn, faighte go hiomlán

([1]) Féadfar tuinníní, an tuinnín aigéanach agus an tuinnín beag (*Sarda* spp.) atá ullmhaithe nó leasaithe, ina n-iomláine nó i bpíosaí (seachas i bhfoirm mionaithe) atá aicmithe faoi fho-cheannteideal 1604.14 a mheas mar ábhair thionscnaimh faoi rialacha tionscnaimh táirgeshonracha malartacha laistigh de chuótaí bliantúla mar a shonraítear in Iarscríbhinn 4.

([2]) Féadfar tuinníní, tuinnín aigéanach agus iasc eile den ghéineas *Euthynnus* atá ullmhaithe nó leasaithe (seachas ina n-iomláine nó i bpíosaí) atá aicmithe faoi fho-cheannteideal 1604.20 a mheas mar ábhair tionscnaimh faoi rialacha tionscnaimh táirgeshonracha malartacha laistigh de chuótaí bliantúla mar a shonraítear in Iarscríbhinn 4.

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
Caibidil 17	Siúcraí agus milseogra siúcra
17.01	CTH
17.02	CTH, ar choinníoll nach mó meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 11.01 go 11.08, 17.01 agus 17.03, agus arna n-úsáid lena linn, ná 20 % de mheáchan an táirge
17.03	CTH
17.04	
– Seacláid bhán:	CTH, ar choinníoll: (a) go bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus arna n-úsáid lena linn, faighte go hiomlán agus (b) (i) nach mó meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02, agus arna n-úsáid lena linn, ná 40 % de mheáchan an táirge; nó (ii) nach mó luach na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02, agus arna n-úsáidtar lena linn, ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
– Eile:	CTH, ar choinníoll: — go bhfuilna hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus arna n-úsáid lena linn, faighte go hiomlán, agus — nach mó meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02, agus arna n-úsáid lena linn, ná 40 % de mheáchan an táirge
Caibidil 18	Cócó agus ullmhóidí cócó
18.01-18.05	CTH
1806.10	CTH, ar choinníoll: — go bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus arna n-úsáid lena linn, faighte go hiomlán, agus — nach mó meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02, agus arna n-úsáid lena linn, ná 40 % de mheáchan an táirge
1806.20-1806.90	CTH, ar choinníoll: (a) go bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus arna n-usáid lena linn, faighte go hiomlán, agus (b) (i) nach mó meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02, agus arna n-úsáid lena linn, ná 40 % de mheáchan an táirge; nó (ii) nach mó luach na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02, agus arna n-úsáid lena linn, ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
Caibidil 19	Ullmhóidí gránach, plúir, stáirse nó bainne; táirgí cócairí taosráin
19.01-19.05	CTH, ar choinníoll: — go bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus arna n-usáid lena linn, faighte go hiomlán, — nach mó meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi Chaibidlí 2, 3 agus 16, agus arna n-úsáid lena linn, ná 20 % de mheáchan an táirge, — nach mó meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 10.06 agus 11.08, agus arna n-úsáid lena linn, ná 20 % de mheáchan an táirge; agus — nach mó meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02, agus arna n-úsáid lena linn, ná 40 % de mheáchan an táirge
Caibidil 20	Ullmhóidí glasraí, torthaí, cnónna nó codanna eile de phlandaí
20.01	CTH
20.02-20.03	Táirgeadh ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 7, agus arna n-úsáid lena linn, faighte go hiomlán
20.04-20.09	CTH, ar choinníoll nach mó meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02, agus arna n-úsáid lena linn, ná 40 % de mheáchan an táirge
Caibidil 21	Ullmhóidí inite ilghnéitheacha
21.01-21.02	CTH, ar choinníoll: — go bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus arna n-usáid, faighte go hiomlán, agus — nach mó meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02, agus arna n-úsáid lena linn, ná 20 % de mheáchan an táirge
2103.10 2103.20 2103.90	CTH; mar sin féin, féadfar plúr mustaird nó min mhustaird nó mustard ullmhaithe neamhthionscnaimh a úsáid
2103.30	Táirgeadh as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal
21.04-21.06	CTH, ar choinníoll: — go bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus arna n-usáid lena linn, faighte go hiomlán, agus — nach mó meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02, arna n-úsáid lena linn, ná 20 % de mheáchan an táirge
Caibidil 22	Deochanna, biotáillí agus fínéagar

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
22.01-22.06	CTH, seachas ó ábhair neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 22.07 go 22.08, ar choinníoll: — go bhfuil na hábhair uile atá faoi fho-cheannteidil 0806.10, 2009.61 agus 2009.69, agus arna n-úsáid lena linn, faighte go hiomlán, — go bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus arna n-usáid lena linn, faighte go hiomlán, agus — nach mó meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02, agus arna n-úsáid lena linn, ná 20 % de mheáchan an táirge
22.07	CTH seachas ó ábhair neamhthionscnaimh atá faoi cheannteideal 22.08, ar choinníoll go bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 10, fo-cheannteidil 0806.10, 2009.61 agus 2009.69, agus arna n-úsáid lena linn, faighte go hiomlán
22.08-22.09	CTH seachas ó ábhair neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 22.07 agus 22.08, ar choinníoll go bhfuil na hábhair uile atá faoi fho-cheannteidil 0806.10, 2009.61 agus 2009.69, agus arna n-úsáid lena linn, faighte go hiomlán
Caibidil 23	Iarmhair agus dramh ó na tionscail bhia; farae ullmhaithe d'ainmhithe
23.01	CTH
2302.10-2303.10	CTH, ar choinníoll nach mó meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi Chaibidil 10, agus arna n-úsáid lena linn, ná 20 % de mheáchan an táirge
2303.20-2308.00	CTH
23.09	CTH, ar choinníoll: — go bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidlí 2 agus 4, agus arna n-úsáid lena linn, faighte go hiomlán, — nach mó meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 10.01 go 10.04, 10.07 go 10.08, faoi Chaibidil 11, agus faoi cheannteidil 23.02 agus 23.03, agus arna n-úsáid lena linn, ná 20 % de mheáchan an táirge deiridh; agus — nach mó meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02, agus arna n-úsáid lena linn, ná 20 % de mheáchan an táirge
Caibidil 24	Tobac agus ionadaigh tobac mhonaraithe; táirgí, bíodh nicitín iontu nó ná bíodh, atá ceaptha lena nionanálú gan dóchán; táirgí eile a bhfuil nicitín iontu atá ceaptha le nicitín a iontógáil i gcorp an duine
24.01	Táirgeadh ina bhfuil na hábhair uile atá faoi cheannteideal 24.01 faighte go hiomlán
2402.10	Táirgeadh ó ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal, ar choinníoll nach mó meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteideal 24.01, agus arna n-úsáid lena linn, ná 30 % de mheáchan na n-ábhar atá faoi Chaibidil 24, agus arna n-úsáid lena linn

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
2402.20	Táirgeadh as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal, nach é ceannteideal an táirge é ná ceannteideal an tobac lena chaitheamh atá faoi fho-cheannteideal 2403 19, agus inarb ábhair a fhaightear go hiomlán atá in 10 % ar a laghad de mheáchan na n-ábhar uile atá faoi cheannteideal 24.01, agus arna n-úsáid lena linn
2402.90	Táirgeadh ó ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal, ar choinníoll nach mó meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteideal 24.01, agus arna n-úsáid lena linn, ná 30 % de mheáchan na n-ábhar atá faoi Chaibidil 24, agus arna n-úsáid
2403.11-2404.11	CTH, inarb ábhair a fhaightear go hiomlán atá in 10 % ar a laghad de mheáchan na n-ábhar uile atá faoi cheannteideal 24.01, agus arna n-úsáid lena linn
2404.12-2404.99	CTH
ROINN V	TÁIRGÍ MIANRACHA Nóta roinne: Chun sainmhínithe ar rialacha cothrománacha próiseála a fháil laistigh den Roinn seo, féach Nóta 5 d'Iarscríbhinn 2
Caibidil 25	Salann; sulfar; ithreacha agus clocha; ábhair phlástrála, aol agus stroighin
25.01-25.30	CTH; nó MaxNOM 70 % (Praghas díreach ón monarcha)
Caibidil 26	Mianta, slaig agus luaith
26.01-26.21	CTH
Caibidil 27	Breoslaí mianracha, olaí mianracha agus táirgí de thoradh a ndriogtha; substaintí biotúmanacha; céaracha mianracha
27.01-27.09	Táirgeadh as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal
27.10	CTH, seachas ó bhithdhíosal neamhthionscnaimh atá faoi fho-cheannteideal 3824.99 nó 3826.00; nó Déantar driogadh nó imoibriú ceimiceach, ar choinníoll go bhfuil bithdhíosal (lena n-áirítear ola glasraí hidreachóireáilte) atá faoi cheannteideal 27.10 agus faoi fho-cheannteidil 3824.99 agus 3826.00, agus a mbaintear úsáid as ann, faighte trí eistearúchán, trí thras-eistearúchán nó trí hidreachóireáil
27.11-27.15	Táirgeadh as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal
ROINN VI	TÁIRGÍ Ó NA TIONSCAIL CHEIMICEACHA NÓ Ó NA TIONSCAIL GHAOLMHARA Nóta roinne: Chun sainmhínithe ar rialacha cothrománacha próiseála a fháil laistigh den Roinn seo, féach Nóta 5 d'Iarscríbhinn 2

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
Caibidil 28	Ceimiceáin neamhorgánacha; comhdhúile orgánacha nó neamhorgánacha as miotail lómhara, as miotail tearc-chré, as dúile radaighníomhacha nó as iseatóip
28.01-28.53	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
Caibidil 29	Ceimiceáin orgánacha
2901.10-2905.42	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
2905.43-2905.44	CTH, seachas ó ábhair neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 17.02 agus faoi fho-cheannteideal 3824.60
2905.45	CTSH, mar sin féin, féadfar ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon fho-cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
2905.49-2942	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
Caibidil 30	Táirgí cógaisíochta
30.01-30.06	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
Caibidil 31	Leasacháin
31.01-31.04	CTH, ach mar sin féin, féadfar ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha; nó MaxNOM 40 % (Praghas díreach ón monarcha)
31.05	
– Níotráit sóidiam – Cianaimíd chailciam – Sulfáit photaisiam – Sulfáit photaisiam mhaignéisiam	CTH, ach mar sin féin, féadfar ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha; nó MaxNOM 40 % (Praghas díreach ón monarcha)
– Eile	CTH, ach mar sin féin, féadfar ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha, agus nach mó luach na n-ábhar neamhthionscnaimh uile, a mbaintear úsáid astu ann, ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha ann; nó MaxNOM 40 % (Praghas díreach ón monarcha)
Caibidil 32	Eastóscáin súdaireachta nó ruaimneoireachta; tainniní agus a ndíorthaigh; ruaimeanna, líocha agus ábhair dhathúcháin eile; péinteanna agus vearnaisí; puití agus maisteoga eile; dúchanna
32.01-32.15	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
Caibidil 33	Blátholaí agus roisíneoidí; ullmhóidí cumhradóireachta, cosmaideacha nó maisíochta
33.01	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
3302.10	CTH, mar sin féin, féadfar ábhair neamhthionscnaimh atá faoi fho-cheannteideal 3302.10 a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
3302.90	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
33.03	Táirgeadh as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal
33.04 -33.07	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
Caibidil 34	Gallúnach, oibreáin dhromchla-ghníomhacha orgánacha, ullmhóidí níocháin, ullmhóidí bealaithe, céaracha saorga, céaracha sainullmhaithe, ullmhóidí snasaireachta nó sciúracháin, coinnle agus earraí dá samhail, taois mhúnlóireachta, “déadchéaracha” agus ullmhóidí déidliachta ar bhonn plástair
34.01-34.07	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
Caibidil 35	Táirgí albaimionóideacha; stáirsí modhnaithe; gliúnna; einsímí
35.01-35.04	CTH, seachas ó ábhair neamhthionscnaimh atá faoi Chaibidil 4
35.05	CTH seachas ábhair neamhthionscnaimh atá faoi cheannteideal 11.08
35.06-35.07	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
Caibidil 36	Pléascáin; táirgí piriteicniúla; lasáin; cóimhiotail phireafóracha; ullmhóidí áirithe indóite

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
36.01-36.06	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
Caibidil 37	Earraí fótagrafacha nó cineamatagrafacha
37.01-37.07	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
Caibidil 38	Táirgí ceimiceacha ilghnéitheacha
38.01-38.08	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
3809.10	CTH, seachas ó ábhair neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 11.08 agus 35.05
3809.91-3822.90	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
38.23	Táirgeadh as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal
3824.10-3824.50	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
3824.60	CTH, seachas ó ábhair neamhthionscnaimh atá faoi fho-cheannteidil 2905.43 agus 2905.44
3824.81-3825.90	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
38.26	Táirgeadh ina bhfaightear bithdhíosal trí thras-eistearúchán, trí eistearúchán nó trí hidreachóireáil
38.27	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
ROINN VII	PLAISTIGH AGUS EARRAÍ DÍOBH; RUBAR AGUS EARRAÍ DÍOBH Nóta roinne: Chun sainmhínithe ar rialacha cothrománacha próiseála a fháil laistigh den Roinn seo, féach Nóta 5 d'Iarscríbhinn 2
Caibidil 39	Plaistigh agus earraí atá déanta astu
39.01-39.15	CTSH; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, meascadh agus cumasc, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó bithphróiseáil; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
39.16-39.19	CTH; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
39.20	CTSH; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
39.21-39.22	CTH; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
3923.10-3923.50	CTSH; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
3923.90-3925.90	CTH; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
39.26	CTSH; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
Caibidil 40	Rubar agus earraí déanta as rubar
40.01-40.11	CTH; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
4012.11-4012.19	CTSH; nó Atrácht bonn caite
4012.20-4017.00	CTH; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
ROINN VIII	SEITHÍ AGUS CRAICNE AMHA, LEATHAR, FIONNADHSHEITHÍ AGUS EARRAÍ DÍOBH; DIALLAITEOIREACHT AGUS ÚMACHA; EARRAÍ TAISTIL, MÁLAÍ LÁIMHE AGUS COIMEÁDÁIN CHOMHCHOSÚLA; EARRAÍ DÉANTA D'INNE AINMHITHE (SEACHAS INNE SEIRICEÁN)
Caibidil 41	Seithí agus craicne amha (seachas craicne fionnaidh) agus leathar
41.01-4104.19	CTH
4104.41-4104.49	CTSH, seachas ó ábhair neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 4104.41 go 4104.49

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
4105.10	CTH
4105.30	CTSH
4106.21	CTH
4106.22	CTSH
4106.31	CTH
4106.32-4106.40	CTSH
4106.91	CTH
4106.92	CTSH
41.07-41.13	CTH, seachas ó ábhair neamhthionscnaimh atá faoi fho-cheannteidil 4104.41, 4104.49, 4105.30, 4106.22, 4106.32 agus 4106.92. Féadfar ábhair neamhthionscnaimh atá faoi fho-cheannteidil 4104.41, 4104.49, 4105.30, 4106.22, 4106.32 nó 4106.92 a úsáid, áfach, ar choinníoll go ndéantar oibríocht athshúdaireachta orthu
4114.10	CTH
4114.20	CTH, seachas ó ábhair neamhthionscnaimh atá faoi fho-cheannteidil 4104.41, 4104.49, 4105.30, 4106.22, 4106.32, 4106.92 agus 4107. Féadfar ábhair neamhthionscnaimh atá faoi fho-cheannteidil 4104.41, 4104.49, 4105.30, 4106.22, 4106.32, 4106.92 agus ceannteideal 41.07 a úsáid, áfach, ar choinníoll go ndéantar oibríocht athshúdaireachta orthu
41.15	CTH
Caibidil 42	Earraí leathair; diallatra agus úmacha; earraí taistil, málaí láimhe agus coimeádáin dá samhail; earraí atá déanta d'inne ainmhí (seachas inne seiriceáin)
42.01-42.06	CTH; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
Caibidil 43	Craicne fionnaidh agus fionnadh saorga; earraí atá monaraithe astu
4301.10-4302.20	CTH; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
4302.30	CTSH

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
43.03-43.04	CTH; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
ROINN IX	ADHMAD AGUS EARRAÍ ADHMAID; FIOGHUAL; CORC AGUS EARRAÍ COIRC; EARRAÍ MONARAITHE ATÁ DÉANTA AS TUÍ, AS EASPARTÓ NÓ AS ÁBHAIR THRILSEACHA EILE; EARRAÍ CISEÁIN AGUS EARRAÍ CAOLADÓIREACHTA
Caibidil 44	Adhmad agus earraí atá déanta as adhmad; fioghual
44.01-44.21	CTH; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
Caibidil 45	Corc agus earraí atá déanta as corc
45.01-45.04	CTH; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
Caibidil 46	Earraí monaraithe atá déanta as tuí, as easpartó nó as ábhair thrilseacha eile; earraí ciseáin agus earraí caoladóireachta
46.01-46.02	CTH; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
ROINN X	LAÍON ADHMAID NÓ ÁBHAIR SHNÁITHÍNEACHA CHEALLALÓSACHA EILE; PÁIPÉAR ATHSHLÁNAITHE NÓ CAIRTCHLÁR ATHSHLÁNAITHE (ATÁ DÉANTA AS DRAMHAÍL AGUS FUÍOLL); PÁIPÉAR AGUS CAIRTCHLÁR AGUS NITHE ATÁ DÉANTA ASTU
Caibidil 47	Laíon adhmaid nó ábhair shnáithíneacha cheallalósacha eile; páipéar athshlánaithe nó cairtchlár athshlánaithe (atá déanta as dramhaíl agus fuíoll)
47.01-47.07	CTH; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
Caibidil 48	Páipéar agus páipéarchlár; nithe atá déanta as laíon páipéir, as páipéar nó as páipéarchlár
48.01-48.23	CTH; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
Caibidil 49	Leabhair chlóbhuailte, nuachtáin, pictiúir agus táirgí eile de chuid thionscal na priontála clódóireachta; lámhscríbhinní, clóscríbhinní agus pleananna
49.01-49.11	CTH; nó MaxNOM 50 % (Praghas díreach ón monarcha)
ROINN XI	TEICSTÍLÍ AGUS EARRAÍ TEICSTÍLE Nóta roinne: Chun sainmhínithe ar théarmaí a mbaintear úsáid astu maidir le lamháltais is infheidhme maidir le táirgí áirithe atá déanta as ábhair theicstíle, féach Nótaí 6, 7 agus 8 d'Iarscríbhinn 2
Caibidil 50	Síoda
50.01-50.02	CTH
50.03	
– Cardáilte nó cíortha:	Dramhaíl síoda a chardáil nó a chíoradh
– Eile:	CTH
50.04-50.05	Sníomh snáithíní nádúrtha; Easbhrú snátha filiméid leanúnaigh de dhéantús an duine maille le sníomh; Easbhrú snátha filiméid leanúnaigh de dhéantús an duine maille le casadh; nó Casadh maille le haon oibríocht mheicniúil
50.06	
– Snáth síoda agus snáth a sníomhadh as fuílleach síoda:	Sníomh snáithíní nádúrtha; Easbhrú snátha filiméid leanúnaigh de dhéantús an duine maille le sníomh; Easbhrú snátha filiméid leanúnaigh de dhéantús an duine maille le casadh; nó Casadh maille le haon oibríocht mheicniúil
– Inne péisteanna síoda:	CTH

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
50.07	Sníomh snáithíní nádúrtha nó snáithíní stáplacha de dhéantús an duine maille le fíodóireacht; Easbhrú snátha filiméid de dhéantús an duine maille le fíodóireacht; Casadh nó aon oibríocht mheicniúil maille le fíodóireacht; Fíodóireacht maille le ruaimniú; Ruaimniú snátha maille le fíodóireacht; Fíodóireacht maille le clódóireacht; nó Clódóireacht (a dhéantar mar oibríocht neamhspleách)
Caibidil 51	Olann, fionnadh ainmhíoch mín nó garbh; snáth róin agus fabraic fhite
51.01-51.05	CTH
51.06-51.10	Sníomh snáithíní nádúrtha; Easbhrú snáithíní de dhéantús an duine maille le sníomh; nó Casadh maille le haon oibríocht mheicniúil
51.11-51.13	Sníomh snáithíní nádúrtha nó snáithíní stáplacha de dhéantús an duine maille le fíodóireacht; Easbhrú snátha filiméid de dhéantús an duine maille le fíodóireacht; Fíodóireacht maille le ruaimniú; Ruaimniú snátha maille le fíodóireacht; Fíodóireacht maille le clódóireacht; nó Clódóireacht (a dhéantar mar oibríocht neamhspleách)
Caibidil 52	Cadás
52.01-52.03	CTH
52.04-52.07	Sníomh snáithíní nádúrtha; Easbhrú snáithíní de dhéantús an duine maille le sníomh; nó Casadh maille le haon oibríocht mheicniúil

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
52.08-52.12	Sníomh snáithíní nádúrtha nó snáithíní stáplacha de dhéantús an duine maille le fíodóireacht; Easbhrú snátha filiméid de dhéantús an duine maille le fíodóireacht; Casadh nó aon oibríocht mheicniúil maille le fíodóireacht; Fíodóireacht maille le ruaimniú nó bratú nó lannú; Ruaimniú snátha maille le fíodóireacht; Fíodóireacht maille le clódóireacht; nó Clódóireacht (a dhéantar mar oibríocht neamhspleách)
Caibidil 53	Snáithíní teicstíle plandúla eile; snáth páipéir agus fabraicí fite as snáth páipéar
53.01-53.05	CTH
53.06-53.08	Sníomh snáithíní nádúrtha; Easbhrú snáithíní de dhéantús an duine maille le sníomh; nó Casadh maille le haon oibríocht mheicniúil
53.09-53.11	Sníomh snáithíní nádúrtha nó snáithíní stáplacha de dhéantús an duine maille le fíodóireacht; Easbhrú snátha filiméid de dhéantús an duine maille le fíodóireacht; Fíodóireacht maille le ruaimniú nó bratú nó lannú; Ruaimniú snátha maille le fíodóireacht; Fíodóireacht maille le clódóireacht; nó Clódóireacht (a dhéantar mar oibríocht neamhspleách)
Caibidil 54	Filiméid de dhéantús an duine; stiall agus a leithéidí as ábhair teicstíle de dhéantús an duine
54.01-54.06	Sníomh snáithíní nádúrtha; Easbhrú snáithíní de dhéantús an duine maille le sníomh; nó Casadh maille le haon oibríocht mheicniúil

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
54.07-54.08	Sníomh snáithíní nádúrtha nó snáithíní stáplacha de dhéantús an duine maille le fíodóireacht; Easbhrú snátha filiméid de dhéantús an duine maille le fíodóireacht; Ruaimniú snátha maille le fíodóireacht; Fíodóireacht maille le ruaimniú nó bratú nó lannú; Casadh nó aon oibríocht mheicniúil maille le fíodóireacht; Fíodóireacht maille le clódóireacht; nó Clódóireacht (a dhéantar mar oibríocht neamhspleách)
Caibidil 55	Snáithíní stáplacha de dhéantús an duine
55.01-55.07	Easbhrú snáithíní filiméid de dhéantús an duine
55.08-55.11	Sníomh snáithíní nádúrtha; Easbhrú snáithíní de dhéantús an duine maille le sníomh; nó Casadh maille le haon oibríocht mheicniúil
55.12-55.16	Sníomh snáithíní nádúrtha nó snáithíní stáplacha de dhéantús an duine maille le fíodóireacht; Easbhrú snátha filiméid de dhéantús an duine maille le fíodóireacht; Casadh nó aon oibríocht mheicniúil maille le fíodóireacht; Fíodóireacht maille le ruaimniú nó bratú nó lannú; Ruaimniú snátha maille le fíodóireacht; Fíodóireacht maille le clódóireacht; nó Clódóireacht (a dhéantar mar oibríocht neamhspleách)
Caibidil 56	Flocas, feilt agus ábhair neamhfhite; snáthanna speisialta; sreangán, téadra, téada agus cáblaí agus earraí atá déanta astu
56.01	Sníomh nó nascadh snáithíní nádúrtha; Easbhrú snáithíní de dhéantús an duine maille le sníomh nó nascadh; Flocasú maille le ruaimniú nó le priontáil; nó Bratú, flocasú, lannú nó miotalú maille le dhá oibríocht ullmhúcháin nó bailchríche ar a laghad (amhail cleandráil, próiseáil craptha friotaíochta, socrú teasa, bailchríochnú buan) ar choinníoll nach mó luach na n-ábhar neamhthionscnaimh uile a úsáideadh lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2022) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Rialacha tionscnaimh táirgeshonracha
56.02	
